



## Téama: Seabhaic agus Colúir - Coinbhleacht

### Roinn 3: Cad atá ag teastáil chun síocháin a dhéanamh?



© Sarah Wurst, [onvultureswings.wordpress.com](http://onvultureswings.wordpress.com)

Níor cheart dúinn, in ainneoin na dtuairiscí nuachta agus na scéalta cogaidh a bhfuil ár dtéacsleabhair scoile lán díobh, dearmad a dhéanamh go bhfuil, agus go raibh riamh, daoine agus grúpaí ann ag obair ar son cultúr síochána. Teastaíonn uainn go bhfoghlaimeoidh na daltaí faoi chuid acu!

#### Torthaí foghlama na roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- Tábhacht chomhaimseartha agus staire an ghníomhaíochais ar son na síochána a thuiscint
- A thuiscint gur dúshlán í an tsíocháin agus gur gá beart a dhéanamh ar a son
- A dtuiscint féin a fhorbairt ar cad is síocháin ann agus cad dó a sheasann sí

#### Acmhainní atá curtha ar fáil

Acmhainn 7: Íomhá tinne

Acmhainn 8: Sleachta, athluanna agus íomhánna

Acmhainn 9: Athlua agus íomhánna

#### Gníomhaíocht ranga 1: Gníomhaigh shíochána anois agus anallód (Tabhair 20 nóiméad)

Iarrfar ar na daltaí duine éigin cáiliúil a roghnú ón am i láthair nó ón am atá caite a raibh nó a bhfuil aithne air nó uirthi as iarrachtaí a dhéanamh an tsíocháin a chothú go háitiúil, go náisiúnta nó ar bhonn domhanda. Déanfaidh siad taighde ar líne ar scéal beatha an duine sin agus tabharfaidh siad faoi na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:



## ÁRAS STAIR NA HEORPA

- Cad é an comhthéacs ina ndearna nó ina ndéanann an duine seo na gníomhaíochtaí agus cén tábhacht ar leith atá nó a bhí leo?
- Cén tionchar atá nó a bhí ag gníomhaíochtaí an duine seo ar dhaoine nó ar phobail inniu nó san am atá caite?
- Cén fáth, meas tú, gur fiú cuimhneamh ar an té seo anois agus amach anseo?

D'fhéadfaí a iarraidh ar na daltaí a dtorthaí a chur i láthair i bhfoirm físe nó ar leathanach A3, ag baint úsáid as pictiúir, léaráidí, sleachta nuachtáin, athluanna, etc. Ba cheart na leathanaigh seo a chur ar taispeáint chun cineál 'Gailearaí Síochána' a chruthú, agus cuireadh a thabhairt do na mic léinn, agus do mhic léinn ó ranganna eile freisin, siúl tríd agus foghlaim faoi na daoine seo.

### Gníomhaíocht ghrúpa 1: An ABC i gcruthú na hEorpa

Tabhair Acmhainn 7 do do dhaltaí agus iarr orthu féachaint ar an litriú a thugtar ar EUROP ar an tinne iarainn seo ó 1953. Fágtar ar lár an litir dheiridh 'E' mar atá sé le feiceáil de ghnáth sa Fhraincis, agus an litir 'A' mar a fheictear de ghnáth sa Ghearmáinis, san Ollainnis agus san Iodáilis. Chun go dtuigfidh siad gur sampla suntasach é an réad sin den chomhréiteach i gcróílár an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, iarr orthu:

- taighde a dhéanamh ar conas a litrítear an focal 'Eoraip' de ghnáth i dteangacha na sé thír a bhunaigh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Ansin, ba cheart dóibh an tslí ina litrítear an focal 'Eoraip' ar an tinne a thaispeántar san íomhá a thabhairt faoi deara. Spreag iad chun smaoineamh ar mhíniú ar cén fáth a litrítear mar sin é?

### Group activity 2: An tAontas Eorpach, tionscadal síochána? (Tabhair 20 nóiméad)



Bonn Dhuais Nobel na Síochána, Áras Stair na hEorpa, an Bhruiséil

Eagraigh díospóireacht i measc na ndaltaí ar an topaic 'An raibh Duais Nobel na Síochána tuillte ag an Aontas Eorpach?' ag baint úsáid as na doiciméid in Acmhainn 8. Chun a gcuid argóintí a chur i dtoll a chéile, d'fhéadfadh na daltaí féachaint le freagraí a thabhairt ar na príomhcheistanna a ghabhann leis na doiciméid. Roinn in dhá ghrúpa iad, ceann acu leis an seasamh 'Bhí Duais Nobel na Síochána tuillte ag AE' agus an grúpa eile 'Ní raibh Duais Nobel na Síochána tuillte ag AE'. Iarr ar an dá ghrúpa urlabhraí a roghnú, a dhéanfaidh seasamh an ghrúpa a chosaint le linn na díospóireachta.



## ÁRAS STAIR NA HEORPA

### **Class activity 2: An tsíocháin a shainmhíniú (Tabhair 20 nóiméad)**

Cabhróidh an ghníomhaíocht leis na daltaí an tsíocháin, mar a shainmhínítear go dearfach í, a thuiscint (féach Sainmhínithe) agus a bhfís féin den tsíocháin a fhoirmliú go cruthaitheach. Ar an gcaoi seo beidh tuiscint níos fearr acu ar conas is féidir leo féin cur leis an tsíocháin ina saol laethúil.

Ná tabhair ach an chéad chuid den abairt seo ó Baruch Spinoza dóibh: ‘Ó ní hionann an easpa cogaíochta agus an tsíocháin, ach is suáilce í a eascraíonn as fórsa charachtar an duine féin’, agus iarr orthu an dara cuid de a athscríobh (‘ach...’).

Iarr orthu a bpictiúr féin de shiombail síochána a tharraingt tar éis dóibh féachaint ar shamplaí atá in Acmhainn 9. Le linn plé ranga, iarr orthu a gcuid smaointe maidir leis an tsíocháin a shainmhíniú trí fhocail agus léaráidí a chomhroinnt agus a chur i gcomparáid.